

Eire trom trillse Saidhbhe

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 16]

Niall Ó hUiginn .cc.

1 Eire trom trillse Saidhbhe,  
earla i bhfuilead fionnfhailghe;  
barr mar fhionndruine as úr dath,  
an cún fionnbhuidhe fleasgach.

2 Ní héadtrom an t-eire cinn,  
an phununn fhuilt bhláith bhoigfhinn  
n-a screith għlantruim ar géig Mis;  
ní hacmhaing breith a baithis.

3 Sreath bhan bhíos ar a nglúinibh  
fħailceas don ghil ghormshúiligh;  
ós bheirt duinn dá fult fulgear  
's a druim re hucht n-ionailteadh.

4 Folt Saidhbhe mar a snáth óir  
gur mheala - móide a honóir -  
trilis druimneach ciabh chlannach,  
an tuighneach fhiar fhiarrannach.

5 [Gabh]aidh re fighe a fuilt chais  
biseach conáigh craobh Dhurlais;  
adhnaidh aoibh ag breith bhisigh  
le dreich saoir na Saidhbheisin.

6 Bídh gach uair fhaillear dhise,  
ar dtaisbéanadh a trillseise,  
re folt camlag cladh gcopdha  
farmad bhan a bantrochta

7 Inghean í Chonchubhuir Chliach,  
bean airgnigh Átha finnChliath,  
céad bláthchraobh ann re fhigh  
barr snáthchaol ar Saidhbhine.

8 Ní léir tairis a taobh geal  
a folt trom an tráth sgaoiltear  
ó bharr réidh úr n-a idhibh,  
a glún féin ní faicfidhir.

9 Falchaid a trillse troma  
bun fuilt lachan Liathdroma,  
ní léir tar a barr a bun

gach clann n-a céibh ar gcasadh.

10 Dá mnáibh is móir an ceannach  
[n-a] barr fhada fhéithleannach;  
doilghe a dhrumdhluighe is locht liom  
dá folt bhunbhuidhe bhairrfhionn.

11 Casmhail re hubhlaibh aipche  
folt ríoghna ríogh Conmhaicne;  
folt fiar do-chí 'ma ceann  
do iadh fa thrí n-a thimcheall.

12 Falcadh a hearla an tan táir  
d'ionaitibh gríbhe Gabhráin,  
inghean ríogh ag fighe a fault  
fón gá ibhe gá hionailt.

13 Ní thoilleann ar cholcaigh gcuirr  
folt ríoghna Rátha Bréanainn;  
cuilt ní saidhbhir 'mun Saidhbhsin,  
airbhir fhuilt ní anaidhbhsigh.

14 Casmhail folt mná Muighe Samh  
re [saorbharr] Sadhbha Cruachan;  
a gnaoi ar fleisg an earrla fhinn,  
teisd a dealbha mar Dhoirinn.

15 An finnchiabhach Lacha Léin  
casmhail a fholt re a fhoiltséin,  
duail leabhra ar mallchraoibh Midhe  
earrla barrchaoin baillghile.

16 Baramhail a bairr sgathaigh  
folt mháthar Cuinn Chéadchathaigh;  
Gráinne nó Una ise  
acht áille clúmha a céibheise.

17 Casmhail folt Saidhbhe saoire  
's trillse Muirrne Munchaoimhe,  
máthair Fhinn gan chruinne um chrodh  
ar nar chinn duine ar domhon.

18 Sadhbh óg an earrla bhachlaigh  
mar Shaibhbh méirsheing malachdhuibh;  
diall re hinghin Chuinn Chodhail  
gun fhinngihil truim.....

19 Fada uaithe bhíos a bharr  
ag bantrocht chraoibhe Cualann;

locht ar a fult ní faictear  
's a folt i n-ucht ionailteadh.

20 Re géis Lacha guirm Ghile  
canaid maithe a muinntire:  
"Táinig tuilleadh dealbha dhuid  
re bruinneadh t'earrla fhionn bhuiig."

21 Inghean Cathail Chairn Bhricne  
trillse crocha a ceinnlitre,  
iomdha minshlighe mhall chíor  
i mbarr inghine an airdríogh.

22 Púdrall fionn buidhe ro bhearr  
i n-a cul ríoghna ríghleann;  
álainn reimhe gach drong de  
gidh eire trom a trillse. Eire

23 Do Shaidhbh féin is neasa a-nois,  
canfad maith re mnaoi nDurlais;  
ro ba breath olc gan duain di  
fuair a folt leath na laoidhe.

24 Ní héasgaidh éirgheas a fearg  
an ghéis ghealbhráighdeach gruaidhdearg,  
mala mar dhaol, dearc mar ghloin,  
craobh Dhala is ceart ro chongaibh.

25 Líonaid beangláin a bairr thruim  
a hucht oireagh dhá álúinn;  
inghean Ailbe an ochta gil  
failghe copdha re cíchibh.

26 Crios cumhdaigh ceathra gceannrach  
cubhaidh re cneas míndealbhach;  
ní háil lé fa slios solus  
crios agus é ar aondorus.

27 Ní fríoth locht ó chionn go cois  
do ríoghain déadbháin Durlais;  
moladh mná Béirre do-bhir,  
a-tá [a] féile fa faisgin.

28 Dá láimh leabhair lór d'eire  
folt mná soillse Sligighe;  
toghaidh tuighnigh gcais gcopdha  
do bhais bhuinghil bharrchorcra.

29 Inghean Cathail Chláir Mhidhe

[Cróich]dhearg thíre tairngire,  
grian bhan Éireann an inghean,  
an ghlan mhéirsheang mhínfhinnngheal.

30 Bean í Ruairc Rátha Guaire,  
ríoghan an ruisg gormuaine,  
fear ni hionráidh gumadh fhearr  
's a bhean ós fhionnmhnáibh Éireann.

31 Ráinig fa Éirinn uile  
nós mná mharcaigh Aolmhuighe;  
is lór don mhnaoi do mholudh  
a gnaoi mhór ag méadoghudh.

32 Sgárlóid chorcra cumthar dhi,  
léinte breacshróill bhíos uimpe,  
róba na ríoghna ó Bhóinn Breagh  
is íorna óir a innreamh.

33 Casmhail re sneachta ar snighe  
dath a glaice gléighile  
mar thaobh Sadhbha tráth [a-troigh],  
mar bhláth abhla dá haghaidh.

34 A lán bhíos i n-a bruighnibh  
do mhnaibh [fleisge] fionnLuimnígh;  
dá bantrocht is lán gach linn  
ag snámh fa hardphort n-aoibhinn.

35 Béas do mhnaoi Dhúine Dealgan  
gan mhnaoi gan fhear d'imdheargadh;  
cách gá roghairm ceann i gceann  
forainm go gnáth ní ghoireann.

36 Inghean airdríogh Átha Bláir  
as bhanchodhnach don bhandáil;  
docair tagra re cleith gCuilt  
fa bhreith d'agra ar a hionait.

37 Mór an duais do dhligheann sinn  
d'agháil ón chneisghil chúilfhinn;  
luadh a laoidhe is doladh dí  
moludh gruadh chraoibhe Céise.

38 Ar feabhas a fuilt ghleannaigh,  
ar a gnúis ndeirg ndrithleannaigh,  
ar áille ar truime a taoibh ghil,  
an laoidh uirre ro imthigh.

39 Na hairm i n-éinleith tighe  
ní bhiad is gríobh Gháiridhe;  
ní bhia Sadhbh is-tigh re thaoibh  
is arm a fir n-a fochraoibh.

40 Meastar re máthair Lughaidh  
baincheann cloinne Conchubhuir;  
inghean Ailbhe as fhearr fa ghroidh  
geall dar Saidhbhne ó na Sadhbhaibh.

41 Sadhbh inghean Chathail chosgraigh,  
ríoghna ag roinn a tuarasdail;  
an tráth as truime a heire  
gan chách uirre ag oirbheire.